Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Bealtaine 2015**
**(OR. en)**

**8970/15**

**RECH 141**
**TELECOM 119**
**COMPET 228**
**IND 80**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8583/15 RECH 105 TELECOM 106 COMPET 182 IND 70 |
| Ábhar: | Dréacht-chonclúidí ón gComhairle maidir le taighde oscailte, sonraíshaothraithe agus líonraithe mar spreagadh do nuáil a bheidh níos gasta agus níos leithne<br>*- Glacadh* |

1. Leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach, i mí Dheireadh Fómhair 2013, díríodh ar an ngeilleagar digiteach, ar an nuáil agus ar sheirbhísí mar spreagadh don fhás agus do phoist. Leis na conclúidí sin moladh go ngníomhódh an tAontas Eorpach chun na dálaí cearta réime a chur ar fáil do mhargadh aonair le haghaidh mórshonraí agus néalríomhaireachta. I mí Iúil 2014, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal "I dTreo geilleagar sonraíbhunaithe a bheidh faoi bhláth", lena ndírítear go láidir, i dteannta a gnéithe tionsclaíocha, ar ghnéithe a bhaineann leis an taighde agus leis an nuáil.

   An 6 Bealtaine 2015, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal "Straitéis maidir le margadh aonair digiteach don Eoraip" lena leagtar béim, *inter alia*, ar an ngá atá le hinfheistíocht a dhéanamh ar bhonneagair agus ar theicneolaíochtaí TFC amhail an néalríomhaireacht agus mórshonraí, agus ar an ngá atá le taighde agus leis an nuáil d'fhonn an acmhainneacht fáis maidir le geilleagar digiteach na hEorpa a uasmhéadú.

2. I ndiaidh na díospóireachta beartais a bhí ag an gComhairle Iomaíochais i mí an Mhárta 2015 maidir le "cumas digiteach na hEorpa a shaothrú trí thaighde oscailte, líonraithe agus sonraíshaothraithe", mhol an Uachtaránacht dréacht-chonclúidí ón gComhairle, a ndearna an Mheitheal um Thaighde plé orthu ag na cruinnithe a bhí aici an 16 Feabhra, an 16 agus an 20 Aibreán agus an 4 Bealtaine 2015.

3. Bhreathnaigh Coiste na mBuanionadaithe ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach ag an gcruinniú a bhí aige an 13 Bealtaine 2015 agus tháinig sé ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an téacs. Chuir <u>UK</u> forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta isteach maidir leis an téacs deiridh, tar éis na dtoghchán náisiúnta is déanaí.

4. Iarrtar, dá bhrí sin, ar an gComhairle ("Iomaíochas") ag an gcruinniú a bheidh aici an 29 Bealtaine 2015, na conclúidí a ghlacadh, ina léirítear na hathruithe **<u>i gcló trom agus líne fúthu</u>** agus le [...], ar de thoradh ar chruinniú Choiste na mBuanionadaithe iad.

Léirítear na hathruithe a rinneadh ar 8583/15 i **<u>gcló trom le líne fúthu</u>** i gcás téacs nua a cuireadh isteach agus le [...] i gcás téacs a scriosadh.

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE 'TAIGHDE OSCAILTE, SONRAÍSHAOTHRAITHE AGUS LÍONRAITHE MAR SPREAGADH DO NUÁIL A BHEIDH NÍOS GASTA AGUS NÍOS LEITHNE'**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AG MEABHRÚ DI AN MÉID A LEANAS

– A Conclúidí ón 31 Bealtaine 2010 maidir le "Clár Oibre Digiteach don Eoraip"[1], lena n-aithnítear gur cheart don Eoraip na hacmhainní is gá a shaothrú agus an Margadh Aonair Digiteach á fhorbairt chun táirgiúlacht a ardú, fás eacnamaíoch a ghiniúint agus infheistíochtaí a mhealladh, agus chun poist a chruthú agus an tionchar atá aici ar an leibhéal domhanda a threisiú;

– A Conclúidí ón 3 Nollaig 2010 maidir leis "An tairbhe fhrithpháirteach a bhainfidh le Clár Oibre Digiteach don Eoraip agus Aontas Nuálaíochta"[2], ag aithint di rannchuidiú theicneolaíochtaí digiteacha mar cheann de na príomhúdair spreagtha maidir le táirgiúlacht na hEorpa, chomh maith lena hacmhainneacht fáis agus lena cumas nuála, a fheabhsú i ngach earnáil;

– A Conclúidí ón 11 Nollaig 2012[3] maidir le "Comhpháirtíocht Neartaithe um an Limistéar Eorpach Taighde ar mhaithe le Sármhaitheas agus Fás" agus béim á cur ar a thábhachtaí atá an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "I dTreo rochtain níos fearr ar fhaisnéis eolaíoch: Breisluach a chur le hinfheistíochtaí poiblí sa taighde"[4] chun an Limistéar Eorpach Taighde (LET) a bhaint amach;

[1] 10130/10
[2] 16834/10
[3] 17649/12
[4] 12847/12

– A Conclúidí ón 30 Bealtaine 2013 maidir le "Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta: Áit na hEorpa i Rás Domhanda"[5]lenar cuireadh i bhfáth an cuspóir ginearálta i ndáil le ceannródaíocht Eorpach a bhaint amach maidir le córais, bogearraí, feidhmchláir agus seirbhísí Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta a fhorbairt agus a úsáid faoi 2020;

– Na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24-25 Deireadh Fómhair 2013[6]inar cuireadh béim ar a thábhachtaí atá an geilleagar digiteach, an nuáil agus seirbhísí mar spreagadh don fhás agus do phoist, agus molann sí go ndéanfaí gníomh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun na dálaí cearta réime a chur ar fáil do mhargadh aonair le haghaidh mórshonraí agus néalríomhaireachta;

1. ATHDHEARBHAÍONN sí a Conclúidí ón 2 Márta 2015 maidir le "Beartas an Mhargaidh Aonair"[7] inar sonraíodh "go bhféadfar táirgiúlacht agus seirbhísí níos fearr a réadú má bhaintear leas iomlán, éifeachtúil as uirlisí agus as seirbhísí amhail an Néalríomhaireacht, Mórshonraí, an t-Uathoibriú, Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus Sonraí Oscailte agus gur cheart, dá bhrí sin, sin a éascú, lena n-áirítear trí réitigh atá margadhbhunaithe, trí thaighde & forbairt agus trí na scileanna is gá agus fothú acmhainní a chur chun cinn, mar aon le tuilleadh caighdeánaithe agus idir-inoibritheachta i ndáil le TFC"; Sa chomhthéacs sin, CUIREANN sí I bhFÁTH go bhféadfaí acmhainneacht dhigiteach na hEorpa a uasmhéadú le taighde oscailte, líonraithe agus sonraíbhunaithe trí nuáil a bheidh níos gasta agus níos leithne a chothú, agus leasanna dlisteanacha na ngeallsealbhóirí **[...] á gcur san áireamh**;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an dul chun cinn atá déanta cheana féin i dtreo Eoraip fíor-dhigiteach agus freisin an plé tosaigh a rinneadh i ndáil leis an straitéis don Mhargadh Aonair Digiteach i roinnt cumraíochtaí de chuid na Comhairle;

---

[5] 10322/13
[6] EUCO 169/13
[7] 6197/15

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach an 2 Iúil 2014 dar teideal "I dTreo geilleagar sonraíbhunaithe a bheidh faoi bhláth"[8],ina dtugtar breac-chuntas ar ghnéithe an gheilleagair shonraíbhunaithe agus lena n-aithnítear na príomhréimsí dá dteastaíonn bearta lena dtacófar agus lena gcuirfear dlús léi, mar chuidiú tábhachtach le forbairt leanúnach an Mhargaidh Aonair Dhigitigh; agus TÁ SÍ AG TNÚTH freisin le go nglacfaidh an Coimisiún Eorpach, faoi dheireadh 2015, a phlean gníomhaíochta mionshonraithe chun dlús a chur leis an aistriú i dtreo geilleagar sonraíbhunaithe san Eoraip;

4. AITHNÍONN SÍ an ard-acmhainneacht a bhaineann leis an ngeilleagar sonraíbhunaithe agus an gá atá le slabhra luacha na sonraí san Eoraip a neartú ina iomláine; ATHDHEARBHAÍONN SÍ an tacaíocht ghinearálta pholaitiúil ó na Ballstáit chun dálaí réime níos fearr a leagan síos i gcomhair nuála sonraíbhunaithe níos gasta agus níos leithne agus gné an taighde á cur san áireamh; AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le sonraí maidir leis an bhfiontraíocht, le hathrú digiteach an tionscail agus le samhlacha nua gnó, smaointe agus le gnólachtaí nuathionscanta a fhorbairt;

4a. AITHNÍONN SÍ acmhainneacht na heolaíochta oscailte agus IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil méadú ag teacht ar thacaíocht le rochtain oscailte ar fhoilseacháin taighde a mhaoinítear go poiblí agus ar na sonraí bunúsacha a bhaineann leo; MEASANN SÍ go bhféadfaí le hoscailteacht sonraí taighde úsáid éifeachtúil an mhaoinithe phoiblí a mhéadú tuilleadh. Sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ an gá atá le machnamh a dhéanamh ar mhéadrachtaí eolaíochta, mar aon le dreasachtaí do thaighdeoirí chun ailt agus sonraí a fhoilsiú trí bhíthin rochtain oscailte. Ag an am céanna, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann le sonraí a chomhroinnt, a úsáid agus a athúsáid ar bhealach leordhóthanach, agus ar an ngá le hidir-inoibritheacht maidir leis na sonraí sin, bunaithe ar chaighdeáin chomhchoiteanna, agus leagann sí béim freisin ar a thábhachtaí atá sé cothromaíocht mhaith a aimsiú idir taighde agus nuáil atá sonraíbhunaithe agus cosaint príobháideachais;AITHNÍONN SÍ an gá atá le scileanna a bhaineann le sonraí a fhorbairt don saol acadúil, do thaighdeoirí agus don phobal i gcoitinne, agus CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé ríomh-bhonneagar agus líonraí ionad barr feabhais a fhorbairt;

8 11603/14

**Tógáil pobail agus aistriú eolais le haghaidh geilleagar sonraíbhunaithe a bheidh faoi bhláth**

5. CUIREANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé sonraí-phobail taighdeoirí, eagraíochtaí maoinithe taighde, eagraíochtaí a dhéanann taighde, cuideachtaí, fiontair bheaga agus mheánmhéide, an earnáil phoiblí agus geallsealbhóirí ábhartha eile agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an gá atá ann comhar uathu a chothú feadh an tslabhra luacha sonraí chun bonn d'éiceachóras sonraíbhunaithe atá láidir agus bríomhar a bhunú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí Eorpach chonarthach nua maidir le Luach Mórshonraí a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2014 leis an gcuspóir sin; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na tionscnaimh a dhíríonn ar ardseirbhísí digiteacha, gléasanna eolaíocha, sonraí, eolas agus saineolas a chuireann ar chumas taighdeoirí comhoibriú ar bhealach níos éifeachtaí, amhail *Open Science Commons*;

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI gníomhaíochtaí a thacaíonn le taighdeoirí agus tionscail, lena n-áirítear FBManna, laistigh de chlár réime Fís 2020, TUGANN SÍ DÁ hAIRE na tionscnaimh amhail léiritheoirí mórscála in earnálacha spriocdhírithe agus timpeallachtaí luasaire agus gorlanna ina bhféadfar torthaí taighde maidir le teicneolaíocht núíosach a thástáil agus a thosú go tapa, chomh maith le gorlann sonraí oscailte do FBManna. Beidh sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí sin slabhraí soláthair bunaithe ar shonraí a chur ar bun, rochtain oscailte a chur chun cinn agus líonraí de ghorlanna sonraí a chur chun cinn ar fud na hEorpa;

6a. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá inbhuanaitheacht fhad-téarma infrastruchtúir bhunachair agus infhaighteacht seirbhísí néalbhunaithe ardcháilíochta atá slán agus iontaofa, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le bheith in ann sonraí taighde a táirgeadh sna Ballstáit a stóráil agus a phróiseáil san Eoraip; sa chomhthéacs sin IS DÍOL SÁSAIMH DI forbairt bhreise ar Néal Eolaíochta Oscailte Eorpach a dhéanfaidh roinnt agus ath-úsáid sonraí taighde a chumasú thar disciplíní agus teorainneacha, agus gnéithe dlíthiúla, slándála agus príobháideachta ábhartha á gcur san áireamh;

7. ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach mór an bonn scileanna digiteacha ildisciplíneacha a mhéadú. Go háirithe, CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur gá cineálacha nua gairmithe agus taighdeoirí sonraí a chomhcheanglaíonn an t-eolas sna réimsí acu le mórshonraí agus scileanna digiteacha; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tábhacht a bhaineann le scileanna nua atá riachtanach chun teicneolaíochtaí, córais, ardáin agus seirbhísí anailísíochta sonraí nua a fhorbairt agus a úsáid. I ndáil leis an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH DÍ gníomhaíochtaí forlíontacha a chuidíonn le forbairt acmhainní, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE tionscnaimh amhail sonraí Acadamh Eolaíochta na hEorpa bunaithe ar líonra Eorpach na lárionad scileanna le haghaidh anailísíocht mhórshonraí;

**Coinníollacha creata a fhorbairt**

8. LEAGANN SÍ BÉIM ar an méadú easpónantúil ar shonraí, lena n-áirítear sonraí taighde, agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH go méadófaí an acmhainneacht nuála agus go gcruthófaí deiseanna nua gnó trí shonraí a chur a fháil, trí rochtain a thabhairt orthu, agus trína n-áirithiú go bhfuil siad in-athúsáidte, idir-inoibritheach agus inmheasúnaithe; LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le caighdeáin oscailte, ceadúnais, formáidí agus réitigh bhogearraí foinse oscailte ionas go mbeidh sonraí taighde ath-inúsáidte agus na próisis eolaíocha in-atáirgthe. Sa chomhthéacs sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach mór nuáil atá bunaithe ar mhianadóireacht téacs agus sonraí a chur chun cinn, agus aird a thabhairt ar riachtanais taighde, agus tionchar, lena n-áirítear gnéithe airgeadais, a chur san áireamh maidir le hathúsáid an inneachair atá ar fáil go dlíthiúil; agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú chomh maith le creat rialála iomchuí lena n-éascófaí timpeallacht atá fabhrach don eolaíocht agus don nuáil ionas go n-úsáidfí sonraí ar bhealach níos fearr;

8a AITHNÍONN SÍ an tábhacht dhomhanda a bhaineann le malartú sonraí taighde agus le hidir-inoibritheacht sonraí thar disciplíní agus teorainneacha náisiúnta mar bhealach chun réim eolaíoch na sraitheanna eolaíocha aonair a leathnú. I ndáil leis sin, IARRANN SÍ ar an Aontas Eorpach, ina chaidreamh le tríú tíortha, oscailteacht rochtana ar shonraí taighde a chur chun cinn de mheon na cómhalartachta agus an tairbhe fhrithpháirtigh; TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá iarrachtaí oscailte agus deonacha faoi stiúir an phobail le comhordú agus comhar idirnáisiúnta maidir le bonneagair shonraí amhail an Comhaontas Sonraí Taighde;

9. SPREAGANN SÍ forbairt timpeallacht bheartais atá fabhrach do shonraí san Aontas agus sna Ballstáit a chuireann idir-inoibríocht, úsáid agus athúsáid sonraí rialtais chun cinn chun críocha taighde agus nuála agus ag an am céanna a dhéanann cosaint sonraí riachtanach a áirithiú, e.g. trí anaithnidiú, trí ainm bréige a ghlacadh nó trí theicnící eile;

9a. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur féidir le saothrú acmhainneacht an ilteangachais cur go sonrach le geilleagar sonraíbhunaithe a bheidh faoi bhláth; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá forbairt bhreise a dhéanamh ar na príomhtheicneolaíochtaí cumasaithe maidir le teangacha digiteacha agus seirbhísí atá bunaithe ar thaighde agus nuáil den scoth san Eoraip, agus ar an mbealach sin cuidiú le cuideachtaí réitigh éagsúla a chruthú chun riachtanais éagsúla an mhargaidh a chumhdach ar mhaithe le gach pobal teanga san Aontas;

10. MOLANN SÍ go mbeidh gníomhaíocht ann chun deireadh a chur leis na bacainní atá sa bhealach ar rochtain leathan ar fhoilseacháin taighde a fhaigheann maoiniú poiblí agus ar na bunsonraí a bhaineann leo; IARRANN SÍ go ndéanfar gníomh le haghaidh a thabhairt ar bhainistiú níos fearr sonraí agus, sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DÍ an Clár Píolótach maidir le Sonraí Taighde Oscailte faoi "Fís 2020"; I gcomhthéacs cur chun feidhme an Limistéir Eorpaigh Taighde, TÁ SÍ AG TNÚTH LE forbairt a d'fhéadfaí a dhéanamh ar phleananna gníomhaíochta nó ar straitéisí don eolaíocht oscailte;

11. CUIREANN SÍ i bhFÁTH go bhfuil r-bhonneagar ar cheann de na príomhghnéithe don taighde agus nuáil atá dírithe ar shonraí nó ag baint tairbhe as, mar go gcuireann siad na seirbhísí ar fáil chun sonraí a chaomhnú agus a athúsáid, mar aon le deiseanna le haghaidh anailís ar shonraí; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an gá atá ann leas níos fearr a bhaint as an mBonneagar Fíoraithe agus Údaraithe (AAI) atá ann cheana chun rochtain oscailte ar r-bhonneagair a chothú; IS DÍOL SÁSAIMH DI go ndíríonn Fís 2020 ar thimpeallachtaí fíorúla taighde agus ar r-bhonneagair le haghaidh anailísíochta agus seirbhísí sonraí;

12. CUIREANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le PRACE[9], bonneagar Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta (RA) Eorpach den chéad scoth le haghaidh taighde a chuireann rochtain ar acmhainní agus seirbhísí ríomhaireachta ar fáil d'fheidhmchláir eolaíocha agus innealtóireachta ar mhórscála; AITHNÍONN SÍ an gá atá ann an ghlúin nua teicneolaíochtaí RA a fhorbairt agus MOLANN SÍ go neartófar an líonra idirnasctha saoráidí próiseála sonraí GEANT[10]. I ndáil leis seo, IARRANN SÍ ar an Fóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagar Taighde (ESFRI) féachaint ar shásraí chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar straitéisí infheistíochta na mBallstát sna ríomh-bhonneagair, lena gcumhdaítear freisin RA, ríomhaireacht dáilte, sonraí eolaíocha agus gréasáin;

13. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an tábhacht a bhaineann le taighde agus nuáil i "Straitéis an Mhargaidh Aonair Dhigitigh", agus ÁITÍONN SÍ ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún agus ar an tionscal a aithint nach mór infheistíocht a mhéadú sa taighde agus sa nuáil i dTeicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC), agus tionchar giarála gearrthéarma agus fadtéarma an infheistíochta a spreagadh;

---

[9] Comhpháirtíocht le haghaidh na Ríomhaireachta Sárfhorbartha san Eoraip.
[10] Líonra sonraí pan-Eorpach don taighde agus don chomhphobal oideachais.

14. IARRANN SÍ go ndéanfar na tosaíochtaí earnálacha le haghaidh taighde agus nuála lena ngabhann an acmhainneacht is mó maidir le sochair shóisialta agus eacnamaíocha i ngeilleagar na sonraí a shainaithint ar bhealach níos fearr. Ag an am céanna, CUIREANN SÍ BÉIM ar an ngá le scéimeanna tacaíochta saincheaptha ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach d'fhonn a áirithiú go mbeidh an tionchar is mó infheistíochta i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide trí straitéisí cliste speisialtóireachta;

14a. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cuidiú leis na Ballstáit, mar shampla tríd an tSaoráid Tacaíochta Beartais, maidir le sainaithint, le hanailísiú agus saothrú na ndeiseanna a chuirtear ar fáil leis an ngeilleagar sonraíbhunaithe i réimse an taighde agus na nuála trí bhíthin, inter alia, seimineáir agus ceardlanna ar an bhfoghlaim fhrithpháirteach a eagrú;

15. IARRANN SÍ go mbeidh sineirge idir straitéisí sonraí náisiúnta agus Eorpacha chun a áirithiú go mbeidh ról ceannaireachta ag an Eoraip ó thaobh na teicneolaíochta sa gheilleagar sonraíbhunaithe lena dtabharfar aghaidh ar gach gné den slabhra luacha sonraí.